



# An Garda Síochána

## Cáipéis Bheartais

### Soláthar Seirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh Imeachtaí Áirithe agus Muirir lena mBaineann

---

Dáta Éifeachtach	22 Meán Fómhair 2023
Uimh. An Leagain	1.0
Arna Fhaomhadh ag	Feidhmiúchán an Gharda Síochána
Arna Thosú le	Treoir CC 068/2023
Úinéar an Bheartais	Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht na mBóithre agus Teagmháil leis an bPobal

## Cuspóir

Leagtar amach sa bheartas seo creat cuimsitheach an ghearrtha le haghaidh táillí a ríomh i leith costais seirbhísí an Gharda Síochána d'imeachtaí áirithe. Is ar leas an Gharda Síochána agus ar chabhrú le lucht eagraithe agus tionscnóirí na n-imeachtaí atá sé dírithe ionas gur féidir leo na costais a mbaineann le seirbhísí an Gharda Síochána a chur san áireamh. Agus aisghabháil na gcostas á chur i gcoinne againn agus leis an mbun-chuspóir againne maidir le sábháilteacht an phobail, leagann an beartas seo amach leibhéal na dtáillí i dtreo chostais phóilíneachta na n-imeachtaí, arna chur i gcomhthéacs laistigh de mheasúnuithe an riosca agus de na freagrachtaí lena comhaontú idir an Garda Síochána agus eagraithe/tionscnóirí na n-imeachtaí.

Cuireann comhaltaí den Gharda Síochána seirbhísí AGS ar fáil ar iarratas ó eagraí/tionscnóirí a leithéid imeachtaí ar mian leo seirbhísí chomhaltaí an Gharda Síochána a fhostú le haghaidh dualgais a chomhlíonadh nach sanntar iad de ghnáth. Leagann an beartas seo amach na táillí atá a mbainfear le seirbhísí an Gharda Síochána a chur ar fáil chomh maith leis an bpróiseas chun dul i dteagmháil le heagraithe/le tionscnóirí na n-imeachtaí.

## Raon

Baineann an beartas seo agus gach cáipéis a gabhann leis le gach comhalta den Gharda Síochána agus le gach ball foirne den Gharda Síochána.

## Ráiteas an Bheartais

Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo próiseas na dtáillí a chuíchóiriú maidir le hacmhainní breise na póilíneachta a leithdháileadh le haghaidh imeachtaí ar leith.

Iarran sé ar an gcothromaíocht a fháil idir an gá atá le hord poiblí, le sábháilteacht agus le dualgais na-eagraithe/na dtionscnóirí a mbaineann lena gcuid imeachtaí a choinneáil. Agus a leithéid á dhéanamh aige, seasann sé le prionsabail Mhúnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána agus le prionsabail Chód Eitice an Gharda Síochána, lena chinntiú go bhfuil gach cinneadh bunaithe ar an dlí, ar an gcomhréireacht, ar na riachtanais, ar an gcuntasacht agus ar an meas ar chearta an duine.

Tá roinnt feidhmeanna á ndéanamh ag comhaltaí an Gharda Síochána mar chuid den dualgas dleathach atá orthu, ach tá dualgais eile san áireamh a chuirtear ar fáil chomh maith le dualgais laethúil na póilíneachta.

Leagann an beartas seo amach na táillí i leith na gcostas a bheidh le cur i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí an Gharda Síochána a chur ar fáil d'imeachtaí áirithe agus leagann sé amach freisin an próiseas chun dul i dteagmháil le heagraithe/le tionscnóirí na n-imeachtaí.

De réir Alt 30 d'Acht an Gharda Síochána 2005, ní mór iarratas a chur isteach uathu siúd atá ag eagrú ag stiúradh imeachta ionas gur féidir le comhaltaí den Gharda Síochána a gcuid seirbhísí a chur ar fáil (Féach Aguisín C – Foirm Iarratais ar Sheirbhísí an Gharda Síochána). Is féidir go mbeadh tionchar suntasach na costas agus na n-acmhainní ag baint le freastal ar a leithéid iarratais. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo a chinntiú go gcuirtear táillí i bhfeidhm go cuí agus ar aon dul maidir le seirbhísí an Gharda Síochána a chur ar fáil. Caithfidh soláthar seirbhísí an Gharda Síochána i gcás dá leithéid a bheith chun críche:

- Tacaíocht a thairt d'eagraithe/tionscnóirí imeachtaí le haghaidh sábháilteacht iad siúd atá iláthair a chinntiú ag ionad/limistéar an imeachta a chinntiú.
- An t-Ord poiblí a choimeád.

Caithfear an cur isteach ar an limistéar ar a bhfuil an imeacht agus lorg an imeachta dírithe a sheachaint nó a íoslaghdú, lena n-áirítear bainistíocht na tráchta. Ní mór glacadh le lorg an imeachta sula dtosaítear ar an gcinneadh faoi sholáthar seirbhísí an Gharda Síochána. Gearrann an Garda Síochána táillí as seirbhísí thar

raon na réimsí éagsúla faoi láthair. Cothóidh cur i bhfeidhm seasta agus caighdeánaithe an bheartais seo an chomhsheasmhacht náisiúnta i leith na dtailí.

I measc na réimsí ina mbaineann táillí le haghaidh seirbhísí an Gharda, tá:

- Cluichí spóirt.
- Ceolchoirmeacha/Féilte Ceoil.
- Seónna talmhaíochta.
- Féilte.
- Ualaí neamhghnácha.
- Tionlacain na bpléascáin.
- Cruinnithe agus comhdhálacha.
- Léiriú na scannán, na bhfíseán, na teilifíse agus na bhfógraí.
- Imeachtaí le díolúintí déanacha an ólacháin a meallann na sluaite móra.

Sé Ard-Cheannfort an Rannáin ina bhfuil an imeacht ar siúl a bheidh i gceannas ar an gcaidreamh le lucht eagraithe/tionscnóirí an imeachta. Más féidir, , ba chóir go gcríochnódh an plé ar sholáthar seirbhísí an Gharda Síochána maidir le himeachtaí aon uaire agus ba cheart go socrófar na táillí lena baineann trí mhí ar a laghad roimh an imeacht. I gcás imeachtaí athfhillteacha, cuirfear tús leis an bpleanáil tar éis mioncheistiú na hócáide roimhe sin agus ba cheart go gcríochnófaí plé ar sholáthar seirbhísí an Gharda Síochána agus na táillí lena ngearradh orthu tráth nach déanaí ná trí mhí roimh tús an imeachta.

Glactar, áfach, nach mbaineann an tréimhse ama seo i gcónaí, i bhfianaise an nádúr agus an achar ama d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcásanna áirithe m.sh. imeachtaí spóirt. Má thagann athrú suntasach ar phróifíl riosca an imeachta, ba cheart dul i dteagmháil arís leis an eagraí/tionscnóir.

Is príomhghceallsealbhóirí iad eagraithe/tionscnóirí na n-imeachtaí i gcur i bhfeidhm an bheartais seo. Tá siad freagrach as seirbhísí Garda a iarraidh le haghaidh imeachtaí agus as glacadh leis na téarmaí atá leagtha amach sa bheartas seo. Mar sin, caithfidh eagraí/tionscnóir an imeachtaí iarratas a dhéanamh chuig an Údarás Áitiúil lena bhainneann faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Ceadúnú Imeachtaí Allamuigh), 2001 (arna leasú). Ní mór dréacht-Phlean Bainistíochta an imeachta a bheith mar chuid iarratas de réir an chóid chuí nó na gcód cleachtais agus na cáipéisí ghaolmhara seo a leanas a chur leis:

- ainmneacha agus freagrachtaí rialaitheoir na himeachta, oifigeach sábháilteachta na himeachta agus a gcuid ionadaithe,
- dréachtphlean éigeandála an tsuímh,
- dréachtphlean bainistíocht na tráchta,
- dréachtráiteas straitéis na sábháilteachta,
- dréachtchlár monatóireacht na timpeallachta roimh an imeacht atá beartaithe, lena linn agus ina dhiaidh, agus na pleananna i leith na struchtúir a bhaint agus i leith aon obair le déanamh chun an talamh a athchóiriú tar éis an imeachta, i leith an limistéar a ghlanadh go hiomlán, agus i leith aon obair fheabhais mar thoradh ar aon dochar a ndéanadh do mhaoin poiblí, d'áiseanna poiblí nó do shaoráidí poiblí nó d'áiseanna a bhain leis an imeacht,
- léarscáil suímh ar dhóthain méide agus a léiríonn na sonraí faoin suíomh agus faoi na gnéithe lena mbaineann i gcóngarachta na háite ina mbeartaítear an t-imeacht a reáchtáil, ar scála nach lú ná 1:1000 i limistéir faoi fhoirgnimh agus 1:2500 i ngach limistéar eile agus arna mharcáil go soiléir d'fhonn a leithéid suímh nó gnéithe a thaispeáint, chomh maith le líníochtaí de réir scála cuí na háite ina bhfuil sé beartaithe an t-imeacht a reáchtáil, lena n-áirítear plean leagan amach an tsuímh agus plean amharc-chóiríochta.

Is comhlacht forordaithe é An Garda Síochána faoin reachtaíocht, agus cuirfidh an tÚdarás Áitiúil na cáipéisí thuasluaite ar fáil mar chuid de phróiseas an cheadúnaithe.

Sa chás go ndéanann eagraí/tionscnóir an imeachta iarratas i scríbhinn chuig an Údarás Áitiúil go bhfuil sé ar intinn aige iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Imeachta, reáchtálfaidh an tÚdarás Áitiúil **cruinniú comhairliúcháin réamhiarratais** leis an eagraí/tionscnóir an imeachta lena mbaineann chun gach imeacht bheartaithe a phlé, agus tabharfaidh sé cuireadh do na comhlachtaí forordaithe freastal ar an gcruinniú. De réir Ionstraim Reachtuil Uimh. 264/2015 - Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2015, ní mór d'Eagraí/ do Thionscnóir an Imeachta réamh-mheasúnú an riosca i leith an imeachta beartaithe a chur ar fáil don Údarás Áitiúil roimh **chruinniú comhairliúcháin tosaigh** an iarratais. Nuair a fhaigheann an tÚdarás Áitiúil réamh-mheasúnú an riosca i leith an imeachta beartaithe, cuirfidh an tÚdarás Áitiúil cóip den mheasúnú ar fáil do na comhlachtaí forordaithe.

Chomh luath agus a théann eagraí/tionscnóir an imeachta ar aghaidh ón céim an chomhairliúcháin réamhiarratais go dtí iarratas a dhéanamh chuig an Údarás Áitiúil ar Cheadúnas Imeachta agus a bhfuil dréacht-Phlean Bainistíocht an Imeachta agus na cáipéisí lena mbaineann curtha isteach aig, sé dualgas eagraí/tionscnóir an imeachta measúnú críochnúil an riosca a dhéanamh chun tacú lena iarratas ar Cheadúnas Imeachta. Oibreoidh an tArd-Cheannfort atá i gceannas ar phóilíneacht an imeachta i gcomhair le heagraí/le tionscnóir an imeachta ar mheasúnú an riosca a chríochnú agus aird á thabhairt aige ar Mheasúnú an Tionchar ar an bPobal de chuid an Gharda Síochána i leith an imeachta chomh maith comhaontú á dhéanamh aige ar mhéid sheirbhísí an Gharda Síochána a theastaíonn an imeacht. Tá treoir ar cheisteanna measúnú an riosca leagtha amach in **Aguisín A**.

Bainfear úsáid as Measúnú an Tionchar ar an Pobail (MTP) le haghaidh ceisteanna ar leith an phobail a dtagann as imeachtaí áirithe a réachtáil a thuiscint in áiteanna éigin a thuiscint (**Féach Aguisín B**).

### Sainmhíniú Imeachta

Tugann **Tábla 1** sainmhíniú gairid ar gach rang imeachta. Ba cheart úsáid a bhaint as mar threoir chun cabhrú le haon chinntí le déanamh maidir le himeacht a rangú. Sé an tArd-Cheannfort atá i gceannas ar phóilíneacht an imeachta a bheidh an cinneadh maidir le rangú an imeachta.

**Tábla 1: Sainmhíniú Imeachta**

<b>Imeachtaí Tráchtála</b>	Imeachtaí arna n-eagrú agus an chuspóir acu airgead a ghnóthú gan sochar pobail nó carthanachta ar leith, de ghnáth ach ní go heisiach toisc go mbíonn ar mhuintir an phobail táille iontrála a íoc ionas rochtain a fháil ar an imeacht.
<b>Imeachtaí Spóirt</b>	Imeachtaí lena n-áirítear spóirt ghairmiúla agus amaitéaracha arna n-eagrú ar fiontair thráchtála nó neamhthráchtála iad, de ghnáth ach ní go heisiach toisc go mbíonn ar mhuintir an phobail táille iontrála a íoc ionas ar an imeacht spóirt.
<b>Imeachtaí an Phobail</b>	Imeachtaí arna n-eagrú agus an chuspóir acu seirbhís a chur ar fáil don phobal agus/nó airgead a ghnóthú agus aon barrachas a bhailítear a dháileadh ar eagraíochtaí áitiúla an phobail.
<b>Imeachtaí Cultúir/Oidhreacht</b>	Imeachtaí nó fiontair a chuireann go mór le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus oidhreacht na hÉireann a chabhraíonn go sóisialta agus go heacnamaíoch le hÍomhá dhearfach na hÉireann a chur chun cinn.

<b>Imeachtaí Carthanachta</b>	Imeachtaí arna n-eagrú agus an chuspóir acu seirbhís carthanachta a chur ar fáil don phobal agus/nóairgead a ghnóthú agus aon barrachas a bhailítear le dáileadh go carthanúil.
<b>Imeachtaí Neamhcheadúnaithe</b>	Imeachtaí a bhfuil níos lú ná 5,000 ag freastal orthu agus nach bhfuil aon cheadúnas ag teastáil, faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.
<b>Imeachtaí Póilíneachta agus Slándála don Stát</b>	Imeachtaí a bhfuil leas náisiúnta nó sainithe poiblí ag baint leo, m.sh. cuairt ag an Uachtarán/ag Ceannaire Stáit, nó imeacht arna n-urrú ag Roinn an Rialtais.

### Maitrís Scórála um Mhaolú an Imeachta

Agus comhaontú á bhaint amach maidir leis na táillí a shocrú i leith soláthar seirbhísí an Garda Síochána, ní mór aird a thabhairt ar an leibhéal an mhaolaithe a d'fhéadfadh a bheith infheidhme.

Sa chás ina bhfuil lacáiste i gceist, cuireann na maitrísí atá leagtha amach i d**Tábla 3** de cháipéis seo an bheartais treoir ar fáil maidir le maolú aon táillí hle íoc ag eagraí/tionscnóir an imeachta. Sé Ard-Cheannfort an Rannáin ina bhfuil an imeacht ar siúl atá freagrach as aon chinneadh i leith maoluithe a chur i bhfeidhm. I gcás easaontais maidir le leibhéal an lacáiste, is leis an gCoimisinéir Cúnta Réigiúnach lena bhaineann a mbeidh an cinneadh deiridh. Leagtar amach i d**Tábla 2** Maitrís na Scórála um Mhaolú an Imeachtaí chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar leibhéal an lacáiste le cur i bhfeidhm agus an táille i leith sheirbhísí an Gharda Síochána á shocrú.

Tábla 2: Maitrís Scórála um Mhaolú an Imeachta

Critéir	Ceist	Freagra	Scór
Cineál Imeachta (Bainfidh Imeacht Neamhcheadúnaithe le ceann de na ceannteidil ábhartha seo)	Imeacht Tráchtála Carthanacht Imeacht an Phobail Imeacht Chultúir/Oidhreacht Imeacht Príobháideach Imeacht Spóirt, áit a bhfuil táille iontrála le hóc.	Tá Tá Tá Tá Tá	
Óstach / Eagraí / Tionscnóir	Má tá baint ag tionscnór leis, léirítear go soiléir gur imeacht tráchtála atá i gceist. Is féidir gur imeacht suntasach neamhthráchtála nó gur imeacht spóirt atá ann freisin.	Tá	
Ceadúnas Áitribh/Teastas Sábháilteachta ag Teastáil	An bhfuil ceadúnas ag teastáil? Teastaíonn ceadúnas nó teastas sábháilteachta le haghaidh imeachtaí áirithe. Léiríonn líon an lucht freastal ar an imeacht agus go bhfuil gá lea ceadúnais gur imeacht mór atá i gceist.	Tá	
Táille iontrála ag an Imeacht	An mbeidh ar an bpobal ag freastal ar an imeacht íoc as dul isteach? Is féidir imeacht tráchtála, imeacht carthanachta, imeacht neamhcheadúnaithe nó imeacht an phobail a bheith i gceist.	Tá	
Slándáil	An mbainfidh an t-imeacht Úsáid as seirbhís shlándála arna ceadú ag an Údarás Slándáil Príobháidí (ÚSP)? (Is féidir lena leithéid cabhrú le líon na bpóilíní a laghdú). Beidh comhaontú ag teastáil le Bainistíocht an Gharda Síochána maidir le líon na n-óibríthe Slándála agus na Maor Ceadúnaithe. Muna bhfuil éinne arna cheadú ag an ÚSP, sé náid an scór.	Tá	
Taibheoirí le hóc	An íocfar na taibheoirí a mbeidh i láthair ag an imeacht? Is féidir imeacht tráchtála, imeacht carthanachta, imeacht neamhcheadúnaithe nó imeacht an phobail a bheith i gceist.	Tá	
Lamháiltais Trádálaithe	An mbeidh ar thrádálaithe íoc as a bheith i láthair ag an imeacht? Is féidir lena leithéid gur imeacht mór atá i gceist.	Tá	
Barrachas d'Eagraíochtaí Carthanachta / an Pobail	An mbeidh 100% de barrachas an ioncaim le dáileadh ar chuspóirí carthanúla nó an ndéanfar á dháileadh tríd an bpobal nó tríd an eagraíocht??	Tá	
Barrachas d'Eagraíochtaí Spóirt	An ndéanann an eagraíocht an barrachas aici ón imeacht a dháileadh ar chur chun cinn an spóirt atá i gceist?	Tá	
Tionchar ar an bPobal	An gcuirfidh an imeacht isteach ar phobal éigin de bharr méadú tráchta, mí-iompar agus mí-ord poiblí?	Tá	
Póilíneacht Bhreise	An mbeidh gá le leibhéal thar an ngnáth na póilíneachta mar gheall ar an imeacht? I bhfianaise an tsuímh, próifil an tslua agus an riosca.	Tá	

### Leibhéal an Mhaoilithe

Leagtar amach i dTábla 3 leibhéal beartaithe an lacáiste a chuirfear i bhfeidhm agus an muirear deiridh á shocrú don imeacht atá i gceist. Tá leibhéal seo an lacáiste bunaithe ar an toradh a thagann as Mairtís Scórála um Mhaolú an Imeachta i dTábla 2.

**Tábla 3 – Leibhéal an Mhaoilithe**

Scór	Leibhéal an Mhaoilithe le cur i bhfeidhm
Faoi bhun 5 phointe	Tada le híoc
5 – 30 pointe	Laghdú 50% ar chostais iomlána na haisghabhála
Os cionn 30 pointe	Na costais iomlána a n-aisghabháil gan aon laghdú.

### Mioncheistiú Iar-Imeachta

Tar éis imeacht a thabhairt chun críche, is tábhachtach é mioncheistiú críochnúil a dhéanamh chun éifeachtúlacht imscaradh an Gharda Síochána ina hiomlán agus oiriúnacht na dtáillí a cuireadh i bhfeidhm i leith seirbhísí an Gharda Síochána a mheas. Próiseas riachtanach atá sa mhioncheistiú ionas go ndéantar trédhearcacht, feabhsú leanúnach agus uas-úsáid na n-acmhainní a chinntiú maidir le seirbhísí an Gharda a chur ar fáil ag imeachtaí.

Beidh an tArd-Cheannfort atá freagrach as an Rannán inar tharla an teagmhas i gceannas ar sheisiún an mhioncheistithe. Ba cheart do gach éinne a bhfuil baint aige le pleanáil, le forghníomhú agus luacháil sheirbhísí an Gharda Síochána, lena n-áirítear eagraithe/tionscnóirí an imeachta, páirt a ghlacadh sa phróiseas.

Déanfaidh an mioncheistiú measúnú criticiúil freisin ar na hidirghníomhaíochtaí agus ar an gcomhoibriú le lucht eagraithe/tionscnóirí an imeachta agus leis na geallsealbhóirí eile. Baineann sé seo le hanailís a dhéanamh ar na socrúithe airgeadais maidir le soláthar seirbhísí an Gharda Síochána agus le cé ghomh oiriúnach atá na táillí a ngearrtar, ag cinntiú go raibh a leithéid táillí sin ar comhréir le riachtanais phóilíneachta an imeachta.

### Comhlíontacht

Is ar éigean do gach comhalta an Gharda Síochána agus do gach ball foirne an Gharda Síochána na forálacha sa bheartas seo agus sna cáipéisí lena bhaineann a chomhlíonadh.

### Scagadh Dlí agus Cearta Daonna

Rinneadh dianscrúdú an an mBeartas seo ó thaobhanna dlí agus cearta daonna de i dtéarmaí na ndualgas faoi seach a chuirtear ar an nGarda Síochána maidir le réimse an ábhair lena mbaineann.

### Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach éinne atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeán agus leis na gealltanais atá leagtha amach i [gCód Eitice](#) an Gharda Síochána agus cloí leis an gCód seo ar fud na heagraíochta chomh maith lena chur chun cinn.

### Athbhreithniú ar an mBeartas agus ar na Gnáis

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar na cáipéisí lena mbaineann i ndiaidh tréimhse 12 mhí ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus gach trí bliani ina dhiaidh sin.

## Séanadh

Níl sé mar aidhm ag an gcáipéis seo, ná ní léiríonn sé, aon chomhairle dlí a d'fhéadfadh brath uirthi maidir leis an méid atá mar ábhar aici. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid ia áit chomhairle ghairmiúil dlí.

### Aguisín A – Ceisteanna Measúnú an Riosca

Is faoin Ard-Cheannfort lena bhaineann cinneadh a dhéanamh ar leibhéal na póilíneachta a theastaíonn chun tacú le haon imeacht/fiontar. Cuirfidh foirne pleanáil oibriúchán/bainistíocht an imeachta ar leibhéal áitiúil a leithéid le chéile agus ba cheart go gcuimseodh sé measúnú riosca an imeachta agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na hábhair seo a leanas:

- Socruithe na Slándála/na Maoirseachta. – (Ba cheart go mbeadh athbhreithniú ar phlean imscaradh na Slándála/na Maoirseachta ina phríomhghné den mheasúnú riosca mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le tionscnóir an imeachta).
- An mbeidh imeacht eile ar siúl ar an dáta céanna?
- An t-imeacht agus/nó an taibheoir i gceist.
- An tinreamh a bhfuiltear ag súil leis.
- Am an imeachta agus cé chomh fada a mbeidh sé ar siúl.
- Leagan amach agus achair an ionaid/an tsuímh a le húsáid.
- Leibhéal iompr aíochta bhfuiltear ag súil leis ó na pátrúin, lena n-áirítear an dóchúlacht go dtarlódh iompraíocht choiriúil ar leith ar shuíomh an imeachta nó i gcomharsanacht an imeachta.
- Cé chomh feasach agus atá na pátrúin faoi shuíomh an imeachta.
- Bealach/Bealaí Éigeandála.
- Riachtanais i leith Dúnadh Bóthair.
- Áiseanna an fháilteachais.
- Modhanna iompair a bhfuiltear ag súil leo a mbeidh á úsáid acu siúd ag freastal ar an imeacht m.sh. bus, traein, Luas, gluaisteáin phríobháideacha, cóistí príobháideacha, rothaíocht nó siúl.
- Acmhainn paisnéara na gcomhlachtaí iompair phoiblí/phríobháideacha a cheaptar a mbeidh ag feidhmiú ag buaic-amanna an imeachta.
- Áiseanna páirceála sa chomharsanacht.
- Áiseanna Páirceála Cóiste sa chomharsanacht.
- Na bealaí um teacht ar an ionad agus um imeacht uaidh.
- Gluaiseacht sreabhadh an tslua chuig an ionad agus uaidh.
- Bealaí ar Mhalairt Slí.
- Comharthaíocht.
- Teagmháil/fógra/comhairliúchán an phobail.
- Gníomhaíochtaí cúnata, amhail searmanais oscailte nó dúnta.
- Ionaid ligean síos agus piocadh suas.

Mar threoir, ba cheart catagóirí oibríthe na Slándála/na Maoirseachta seo a leanas a bheith i láthair:

- a) **Foireann Maoirseachta:** Leas-Oifigeach Slándála, Príomh-mhaoirseoir agus Maoirseoirí Slándála.
- b) **Poist na Slándála Statacha:** Pointí um mhonatóireacht an tslua, na mbealaí amach, na gcasgheataí, limistéir na gníomhaíochta, na ngeataí imeallacha, na staighrí, na gcriosanna ar rochtain srianta agus na n-ionad nó Ina imistéar straitéiseach eile.





c) **Poist na Slándála Taistil:** Mar threoir, ba cheart cloí leis an gcóimheas dá bhforáiltear sa Chód Cleachtais um Shábháilteacht ag Áiseanna Spóirt agus sa Chód Cleachtais um Shábháilteacht ag Ceolchoirmeacha Popcheoil Lasmuigh agus ag imeachtaí ceoil eile; áfach, I gcásanna ina ndéantar measúnú anriosca. áfach, má léirítear sé go bhfuil gá le leibhéal níos airde um bainistíocht na sábháilteachta agus na slándála ba cheart breithniú a dhéanamh ar chóir leibhéal na slándála a mhéadú.

d) **Maoir Speisialtóirachta:** D'achair siúd á n-úsáid ag leanaí, ag lucht féachana faoi mhíchumas agus sna háiseanna fáilteachais.

e) **Maoir bhreise:** Le haghaidh imeachtaí ar leith ar nós cuairteanna stáit, searmanais oscailte na n-meachtaí (m.sh.: na Cluichí Oilimpeacha Speisialta).

Cé nach liosta uileghabhálach é an liosta thuas a cuireadh ar fáil i leith mheasúnú an riosca, ba cheart go gcuirfí athbhreithniú ar gach tionchar thuas maidir le gach imeacht ar leith.

### Aguisín B – Achoimre an Gharda Síochána ar Mheasúnú an Tionchair ar an bPobal

Bainfear úsáid as Measúnú an Tionchair ar an bPobail (MTP) chun tuiscint a chur ar fáil maidir le ceisteanna ar leith an phobail a dtagann as imeachtaí áirithe a bheith ar siúl in aon cheantar ar leith.

Tógfaidh na hArd-Cheannfoirt aird na ceisteanna seo a leanas agus Measúnú an Tionchair ar an bPobail á chur le chéile aige don imeacht le linn céimeanna na planála:

#### Lucht Freastail

Ní chiallónn an tinreamh i gcónaí líon an tslua nó an lucht féachana amháin. Más cuí, is féidir glacadh leis go n-áirítear rannpháirtithe (lúthchleasaithe/taibheoirí), foireann tacaíochta, na meáin, urraitheoirí, oifigigh agus oibrithe deonacha. Is féidir cabhair a bhaint as an lucht freastail a chatagóirí ar an mbealach seo agus na tionchair eile ar iompar na ngrúpaí éagsúla ag an imeacht á dtomhas.

#### Am agus Fad Ama

Aon toradh dóchúil a d'fhéadfadh teacht as tráth na bliana ina mbeidh an imeacht ar siúl agus aon tionchar a d'fhéadfadh fad ama an imeachta a imirt ar an bPobal ina mbeidh sé ar siúl.

#### Trácht

Tá Eagraí/Tionscnóir an Imeachta freagrach as Plean Bainistíochta Tráchta an imeachta a ullmhú agus gach riachtanas coimhdeach ina leith a chr ar fáil. Ba cheart go ndéanfaidh Plean Bainistíochta Tráchta an eagraithe/an tionscnóra an imeachta na bealaí, na gluaiseachtaí, aon mhéadú réamh-mheasta ar leibhéal na tráchta agus aon soláthar/ullmhacht le haghaidh cásanna éigeandála a mheas. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na ceisteanna maidir le céimeanna iotrála, cúrsaíochta agus fágála an imeachta. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú infhaighteacht agus cumas an iompair phoiblí agus aird á thabhairt ar shuíomh an imeachta.

#### Eacnamaíoch

An tionchar ar ghnólachtaí na háite, ar sholáthraithe an iompair phoiblí, ar ghréasán na mbóithre náisiúnta, ar sheirbhísí an údaráis áitiúil, ar na seirbhísí éigeandála eile agus ar gheallsealbhoirí an phobail.

#### Timpeallachta

Measúnú ar thíreolaíocht, ar chultúr agus ar ghnéithe shochdhéimeagrafacha an cheantair ina mbeidh an imeacht ar siúl.

Cé mhéad teagmhála a rinneadh idir eagraí/tionscnóir an imeachta agus pobail na háite ar dócha go mbeidh tionchar ag an imeacht orthu.

Cén t-eolas ar curireadh ar fáil phobail na háite chun an cumas acu oibriú le/thart ar aon chur isteach a d'fhéadfadh a tharla le linn an imeachta a fháil amach?

## Aguisín C – Iarratas an Gharda Síochána ar Sheirbhísí an Gharda Síochána

Faoi réir Alt 30 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú), iarrann **Ard-Cheannfort an Rannáin**

\_\_\_\_\_ seirbhísí an Gharda Síochána thar ceann \_\_\_\_\_ (*líon isteach ainm an iarrthóra*):

<b>Sonraí an Duine/na hEagraíocht ag Iarraidh Seirbhísí an Gharda Síochána</b>
Ainm an Duine/na hEagraíochta:
Seoladh
rPhost:
Guthán Teagmhála/Fón Póca:
<b>Sonraí an Imeachta agus Seirbhísí an Gharda Síochána a n-Iarrtar</b>
Sonraí an Imeachta:
Suíomh an Imeachta:
Catagóir an Imeachta ( <i>arna meas ag an Ard-Cheannfort</i> ):
Scór an Imeachta ar an Mairtís Scórála um Mhaolú ( <i>arna mheas ag an Ard-Cheannfort</i> ):
Seirbhísí an Gharda Síochána a n-Iarrtar:
Thar ceann an duine/na heagraíochta atá ag iarraidh seirbhísí an Gharda Síochána (atá leagtha amach thuas), tá an t-údarás agam aontú leis hArd-Cheannfort _____ an Rannáin _____ maidir leis na táille a mbaineann le soláthar Seirbhísí an Garda Síochána don imeacht thuasluaite.
Sínithe: _____ Dáta _____